Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Clarú chun Vótáil i bhFine Gall

Má tá tú níos sine ná 18 mbliana d'aois agus má tá gnáthchónaí ort in Éirinn tá seans ann go bhfuil tú i dteideal vótáil i dtoghcháin agus reifrinn in Éirinn. Braitheann do chearta vótála ar do shaoránacht. Is éard is brí le 'gnáthchónaí' ná bheith i do chónaí i dtoghlach ar an dáta cáilitheach atá ar an 1ú lá de Mheán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain ina dtagann an Clár i bhfeidhm. Tagann an Clár i bhfeidhm ar an 15ú lá d'Fheabhra i mbliain ar leith agus téann sé as feidhm ar an 14ú lá d'Fheabhra sa bhliain dár gcionn.

Reifrinn: Níl cead ach ag Saoránaigh na hÉireann vótáil i reifrinn, e.g. vótáil ar thogra a dhéanfadh Bunreacht na hÉireann a leasú.

Uachtaránachta: Níl cead ach ag Saoránaigh na hÉireann vótáil i dToghcháin Uachtaránachta.

Toghcháin do Dháil Éireann: Is féidir le Saoránaigh na hÉireann agus na Breataine vótáil i dtoghcháin do Dháil Éireann (teach íochtarach na parlaiminte).

Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa; Tá Saoránaigh na hÉireann agus saoránaigh eile an Aontais Eorpaigh in ann vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

Toghcháin do Rialtas Áitiúil: Is féidir le cónaitheoirí sa stát arb as Éirinn agus an AE iad agus nach as an AE iad vótáil sna Toghcháin Rialtais Áitiúil.

Déan seiceáil ar an gclár ag www.checktheregister.ie le fáil amach an bhfuil tú cláraithe chun vótáil cheana féin. Tá Vótáil Poist ar fáil do na catagóirí daoine seo a leanas. Déan teagmháil le do thoil leis an Rannóg Toghchórais ag 01-8908479 chun breis eolais a fháil.

Catagóirí de Vótálaithe Poist

Catagóir de Vótálaithe Poist	Foirm ag Teastáil	Caithfear na foirmeacha a sheoladh ar ais chuig an údarás clárúcháin faoin	
Ball d'Óglaigh na hÉireann	RFC	25 Samhain	
Ball den Gharda Síochána	RFB	25 Samhain	
Taidhleoirí agus a gCéilí	SV5	30 Meán Fómhair	
Daoine ina gcónaí sa bhaile a bhfuil tinneas coirp nó míchumas fisiceach orthu	PV1	25 Samhain	Féadfar iarratais a fhaightear tar éis an dáta deiridh a bhreithniú le bheith ar an bhforlíonadh. Caithfear Fianaise Liachta a thabhairt chun tacú leo
Daoine nach bhfuil in ann vótáil go pearsanta de bharr cúinsí a ngairme, seirbhíse nó fostaíochta lena n-áirítear mic léinn atá ag freastal ar institiúid oideachais sa stát ar bhonn lánaimseartha	PV2	25 Samhain	

Clár Ama do Chlár na dToghthóirí a Ullmhú agus a Fhoilsiú.

	Dáta		
Dáta cáilitheach do vótálaithe a bheith i dteideal bheith ar an gClár			Caithfear Foirm RFA 1 a úsáid
Foilsiú an Dréachtchláir	1 Samhain gach bliain		
Dáta Deiridh d'Éilimh ar Cheartúcháin ar an RÉACHTchlár a bheith	25 Samhain gach		Caithfear Foirm RFA 1 a úsáid

déanta	bliain		
Dáta deiridh d'iarratais ar bheith san ireamh ar liosta na vótálaithe poist nó vótálaithe speisialta a bheith faighte	25 Samhain gach bliain		Féach ar an tábla thuas chun sonraí na bhfoirmeacha a fháil
Foilsiú liosta na nÉileamh	30 Samhain	Liosta de na daoine go léir atá á gcur ar an gclár, á mbaint as nó á mionathrú air	
Tuairisceán comhlánaithe ar liosta formhuinithe na n-éileamh eolta ag an gCláraitheoir Contae chuig an údarás clárúcháin	23 Nollaig	Deis dheireanach ag duine ar liosta na n-éileamh an rialú a achomharc chuig an gCláraitheoir Contae	
Foilsiú an Chláir	1 Feabhra	Ar fáil ag Oifig Údaráis Áitiúil, Leabharlanna, Staisiúin na nGardaí Síochána nó ar líne ag www.checktheregister.ie	
Tráth le haghaidh fáil amach an bhfuil na ceartúcháin le déanamh de bharr earráidí clóghrafacha	1 go dtí 14 Feabhra		
Teacht I bhfeidhm an Chláir	15 Feabhra		
Dáta Deiridh d'iarratais ar bheith san áireamh ar an bhforlíonadh ar Chlár do thoghchán nó reifreann a bheith faighte	15 lá roimh lá na vótála (gan aon lá eisiata a áireamh)	Deis ag duine clárú chun vótáil tar éis na spriocdhátaí roimhe sin a chailleadh.	Caithfear úsáid a bhaint as Foirm RFA 2 a chaithfear a fháil stampáilte ag an nGarda Síochána.

AON CHEIST?

C: Céard atá le déanamh agat má sheiceálann tú an clár tar éis an 15 Feabhra i mbliain toghcháin agus faigheann tú amach nach bhfuil tú ar an gclár?

F: Comhlánaigh foirm RFA 2 , faigh stampáilte ag do Staisiún na nGardaí Síochána áitiúil í agus déan í a sheoladh ar ais go dtí an Rannóg Toghchórais, Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An tSráid Mhór, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

Cuimhnigh, le do thoil go mbeidh d'ainm ar an gClár Forlíontach lá na vótála. Cuirfear go huathoibríoch ar an bPríomhchlár thú i leith na bliana dár gcionn.

C: Céard atá le déanamh agat má athraíonn tú do sheoladh?
F: Comhlánaigh foirm RFA 3 , faigh stampáilte ag do Staisiún na nGardaí Síochána áitiúil í agus déan í a sheoladh ar ais go dtí an Rannóg Toghchórais, Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae An tSráid Mhór, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

Cuimhnigh, le do thoil go mbeidh d'ainm ar an gClár Forlíontach lá na vótála. Cuirfear go huathoibríoch ar an bPríomhchlár thú i leith na bliana dár gcionn.